Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11097/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0227 (NLE)**

**AGRI 537**
**AGRIORG 84**
**OIV 3**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 407 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 407 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 407 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.7.2026
COM(2026) 407 final

2026/0227 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gCinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Tionól Ginearálta de chuid OIV an 16 Deireadh Fómhair 2026 i ndáil leis na rúin ó OIV a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh a bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla ar dhlí an Aontais a bheith mar thoradh orthu.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An stádas ar leith atá ag an Aontas laistigh de OIV

Tá 50 Stát ina gcomhaltaí de OIV faoi láthair, lena n-áirítear 20 Stát ar Ballstáit den Aontas iad. Níl an tAontas ina chomhalta de OIV. Mar sin féin, ón 20 Deireadh Fómhair 2017, tá an stádas ar leith dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialacha Nós Imeachta OIV á dheonú ag OIV don Aontas, ar stádas é lena gcuirtear ar a chumas idirghabháil in oibreacha na gCoimisiún, na bhFo-Choimisiún agus na ngrúpaí saineolaithe agus freastal ar chruinnithe an Tionóil Ghinearálta agus an Choiste Feidhmiúcháin.

### 2.2. OIV

Is eagraíocht eolaíoch, theicniúil, idir-rialtasach í an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) atá gníomhach in earnáil na fíniúna, an fhíona, deochanna fíonbhunaithe, fíonchaora boird, rísíní agus táirgí fíniúna eile. Is iad cuspóirí OIV (i) eolas a sholáthar maidir le bearta lena bhféadfar ábhair imní na dtáirgeoirí, na dtomhaltóirí agus imreoirí eile in earnáil na dtáirgí fíniúna agus fíona a thabhairt san áireamh, (ii) cúnamh a thabhairt d’eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí caighdeánúcháin agus (iii) cur le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcleachtas agus na gcaighdeán atá ann cheana.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag OIV

Reáchtálfar an chéad Tionól Ginearálta eile de chuid OIV an 16 Deireadh Fómhair 2026. Sa chomhthéacs sin agus ar bhonn pléití a rinneadh ag cruinnithe teicniúla OIV i mí Aibreáin 2026, is féidir a mheas go mbeidh na rúin seo a leanas, a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu ar dhlí an Aontais, ar chlár an Tionóil Ghinearálta lena nglacadh:

- Dréachtrún OENO-MICRO 20-669A agus B maidir le cobhsú micribhitheolaíoch úrfhíona agus fíona, faoi seach, le réimsí leictreacha bíogacha;
- Dréachtrún OENO-TECHNO 14-540A agus B, maidir le cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh fíon dí-alcólaithe agus fíon páirt-dhí-alcólaithe, faoi seach;
- Dréachtrún OENO-TECHNO 14-544 maidir le cóireáil le polaidémheitilsiolocsán;
- Dréachtrún OENO-TECHNO 20-672A maidir le cóireáil le silice mhéiseapóiriúil fheidhmiúil chun úrfhíonta a chobhsú ó thaobh próitéine de;
- Dréachtrún OENO-TECHNO 21-706, lena dtugtar cothrom le dáta comhad 3.3.13 ‘Cóireáil fíonta le mannapróitéiní giosta’;
- Dréachtrún OENO-TECHNO 23-730 maidir le teorainn aigéid shorbaigh i bhfíon;
- Dréachtrún OENO-TECHNO 23-734 maidir le cóireáil úrfhíona ghil le coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha chun comhdhúile polaifeanólacha atá freagrach as donnú a dhíothú;

– Dréachtrún OENO-TECHNO 23-735 maidir le cóireáil fíona ghil le coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha chun comhdhúile polaifeanólacha atá freagrach as donnú a dhíothú;

– Dréachtrún OENO-TECHNO 25-761, lena dtugtar cothrom le dáta comhad 3.4.21 ‘Músclóirí coipthe mhalalachtaigh’;

– Dréachtrún OENO-SPECIF 21-695, lena sainítear an monagraf maidir le roisíní crágtha stiréine-dévinilbeinséine le feidhmghrúpa imínidé-aicéiteach;

– Dréachtrún OENO-SPECIF 23-727, lena dtugtar cothrom le dáta an monagraf maidir le haigéad citreach;

– Dréachtrún OENO-SCMA 24-754, maidir leis an modh anailíse chun an cóimheas iseatópach strointiam (87Sr/86Sr) i bhfíonta a chinneadh (Modh de chineál IV);

– Dréachtrún SECSAN-SECUAL 23-722, lena dtugtar cothrom le dáta aicmiú tainníní fíoneolaíocha mar bhreiseán nó mar áis phróiseála.

Is féidir a mheas go dtiocfaidh éabhlóid ar chlár Thionól Ginearálta OIV agus go gcuirfear ar an gclár rúin eile a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ar dhlí an Aontais mar thoradh orthu. Chun éifeachtúlacht obair an Tionóil Ghinearálta a áirithiú agus sin a dhéanamh ar dhóigh a thugann urraim do rialacha na gConarthaí, déanfaidh an Coimisiún forlíonadh nó leasú in am trátha ar an togra seo chun é a chur ar a cumas don Chomhairle an seasamh a ghlacadh a bheidh le glacadh maidir leis na rúin sin freisin.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Rinne saineolaithe eolaíocha agus teicniúla de chuid earnáil an fhíona plé cuimsitheach ar na dréachtrúin a chuirfear chun vóta ag an gcéad Tionól Ginearálta eile de chuid OIV. Cuireann siad le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán fíona agus leagfar amach leo creat lena n-áiritheofar iomaíocht chóir i dtrádáil tháirgí earnáil an fhíona. Dá bhrí sin, ba cheart tacú leo.

Maidir le Dréachtrún OENO-TECHNO 14-540A lena gceadófaí gliocról (E 422) a chur le fíon dí-alcólaithe ar uasleibhéal tiúchana 50 g/L, mar sin féin, rinneadh measúnú air i dtuairim eolaíoch[1] a ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) le déanaí inar thángthas ar an gconclúid go sárófaí an ghéardháileog thagartha sna grúpaí uile sa daonra. Déantar foráil sa tuairim eolaíoch freisin maidir leis na huastiúchaintí teoiriciúla gliocróil (E 422) i bhfíon dí-alcólaithe ar tiúchaintí iad nach sáraíonn nochtadh orthu an ghéardháileog thagartha le haghaidh grúpaí éagsúla sa daonra. I bhfianaise na fianaise nua sin, is gá bainistiú riosca cuí a shainiú agus measúnú eolaíoch a dhéanamh ar chainníocht an ghliocróil eisiginiúil (E 422) i ndáil lena fheidhm theicneolaíoch laistigh den raon sábháilteachta nua. Dá bhrí sin, níor cheart tacú leis an rún sin ach amháin má bhaintear den rún an chóireáil shonrach a thagraíonn do ghliocról a chur leis ionas gur féidir measúnú eolaíoch cuí a dhéanamh ar fheidhm theicneolaíoch ghliocróil (E 422) agus tuairim eolaíoch an Údaráis á cur san áireamh an tráth céanna.

[1] Sábháilteacht an ghéarnochta ar an mbreiseán bia gliocról (E 422) ó dheochanna. https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/10.2903/j.efsa.2026.10057

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE bíodh an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó ná bíodh[2].

Cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún, d'fhéadfadh éifeacht dhlíthiúil ar dhlí an Aontais a bheith ag rúin áirithe arna nglacadh agus arna bhfoilsiú ag OIV, go háirithe na cinn sin a bhaineann le cleachtais fhíoneolaíocha agus modhanna anailísí arna moladh. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir leis na rúin sin i ndáil le hábhair atá faoina inniúlacht a ghlacadh agus ba cheart do na Ballstáit ar comhaltaí de OIV iad é a chur in iúl ag cruinnithe OIV, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir na ndréachtrún atá beartaithe le comhchuibhiú na gcaighdeán fíona agus dá bhrí sin le cur chun feidhme comhbheartas talmhaíochta. Dá bhrí sin, is é Airteagal 43 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

---

2 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

3 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe, Airteagal 43 i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Neamhbhainteach.

2026/0227 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanfaidh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) scrúdú ar rúin (‘dréachtrúin ó OIV’) agus d’fhéadfadh sé go nglacfadh sí na rúin sin sa chéad Chomhthionól Ginearálta eile a bheidh aici an 16 Deireadh Fómhair 2026. Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na rúin sin chun críocha Airteagal 218(9) den Chonradh.

(2) Níl an tAontas ina chomhalta de OIV. Mar sin féin, an 20 Deireadh Fómhair 2017 dheonaigh OIV don Aontas an stádas ar leith dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialacha Nós Imeachta OIV.

(3) Tá 20 Ballstát ina gcomhaltaí de OIV. Beidh deis ag na Ballstáit sin leasuithe ar na dréachtrúin ó OIV a mholadh agus iarrfar orthu na dréachtrúin sin a ghlacadh ag an gcéad Tionól Ginearálta eile de OIV an 16 Deireadh Fómhair 2026.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinnithe OIV i ndáil leis na dréachtrúin ó OIV a bhunú maidir le hábhair atá faoina inniúlacht. Ba cheart do na Ballstáit ar comhaltaí de OIV iad an seasamh sin a chur in iúl ag cruinnithe OIV, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

(5) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún[2], beidh éifeachtaí dlíthiúla le rúin áirithe arna nglacadh agus arna bhfoilsiú ag OIV.

(6) Foráiltear le hAirteagal 80(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go mbeidh ar an gCoimisiún na cleachtais fhíoneolaíocha agus na modhanna anailíse a

1 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fíonsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, an t-íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus foilsiú comhad de chuid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/934/oj).

mhol agus a d'fhoilsigh OIV a thabhairt san áireamh agus cleachtais fhíoneolaíocha á n-údarú aige.

(7) Foráiltear le hAirteagal 80(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus modhanna anailíse á leagan síos ag an gCoimisiún lena gcinnfear comhdhéanamh tháirgí earnáil an fhíona, go mbunóidh sé na modhanna sin ar aon mhodh ábhartha arna mholadh agus arna fhoilsiú ag OIV mura rud é go mbeidís neamhéifeachtach nó neamhchuí i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an Aontas.

(8) Foráiltear le hAirteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i dtaca le táirgí earnáil an fhíona a allmhairítear isteach san Aontas, go dtáirgfear na táirgí sin i gcomhréir le cleachtais fhíoneolaíocha arna n-údarú ag an Aontas de bhun an Rialacháin sin nó, roimh an údarú sin, go dtáirgfear iad i gcomhréir le cleachtais fhíoneolaíocha arna moladh agus arna bhfoilsiú ag OIV.

(9) Foráiltear le hAirteagal 9(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, i gcás nach leagann an Coimisiún síos iad, gurb iad na sonraíochtaí íonachta agus na sonraíochtaí aitheantais, a bhaineann le substaintí a úsáidtear i gcleachtais fhíoneolaíocha na sonraíochtaí dá dtagraítear i gcolún 4 de Thábla 2 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, a thagraíonn do mholtaí OIV.

(10) Le Dréachtrúin OENO-MICRO 20-669A agus OENO-MICRO 20-669B, moltar cur i bhfeidhm réimsí leictreacha bíogacha, a cheadaítear le haghaidh fíonchaor faoi láthair, a leathnú chuig úrfhíon agus fíon faoi seach freisin, le haghaidh cobhsú micribhitheolaíoch. Le Dréachtrún OENO-TECHNO 14-540B, bunaítear cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh fíonta páirt-dhí-alcólaithe. Le Dréachtrúin OENO-TECHNO 23-734 agus OENO-TECHNO 23-735, moltar an chóireáil le coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha le haghaidh úrfhíon geal agus fíon geal faoi seach a leathnú chun comhdhúile polaifeanólacha ocsaídithe agus in-ocsaídithe atá freagrach as donnú a dhíothú. Le Dréachtrún OENO-TECHNO 14-544, moltar polaidémheitilsiolocsán a chur leis le linn choipeadh alcólach an úrfhíona chun foirmiú cúir a chosc. Le Dréachtrún OENO-TECHNO 20-672A, moltar silice mhéiseapóiriúil fheidhmiúil a úsáid in úrfhíon chun próitéiní éagobhsaí a bhaint ar bhealach roghnaitheach. Le Dréachtrún OENO-TECHNO 21-706, tugtar cothrom le dáta cóireáil fíonta ina bhfuil mannapróitéiní giosta trí na cuspóirí le haghaidh fíonta geala agus fíonta *rosé* agus a dáileog uasta a shainiú. Le Dréachtrún OENO-TECHNO 23-730, méadaítear uasteorainn inghlactha thiúchan an aigéid shorbaigh i bhfíon ó 200 go 250 mg/L go sonrach le haghaidh *Vitis labrusca* agus a gcuid hibridí agus le haghaidh tosca cáilíochtúla speisialta nó traidisiúin a bhaineann go sonrach le tíortha áirithe, mar a bhunaítear leis an reachtaíocht náisiúnta. Le Dréachtrún OENO-TECHNO 25-761, tugtar cothrom le dáta comhad 3.4.21 maidir le músclóir coipthe mhalalachtaigh trí chineál an mhúsclóra ceallalóis a shonrú. I gcomhréir le hAirteagal 80(3), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus le hAirteagal 9(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, is rúin iad sin a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leo.

(11) Le Dréachtrún OENO-SPECIF 21-695, cuirtear an monagraf maidir le roisíní crágtha an fheidhmghrúpa imínidé-aicéiteach stiréine-dévinilbeinséine leis an Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta; agus le Dréachtrún OENO-SPECIF 23-727, tugtar cothrom le dáta an monagraf maidir le haigéad citreach, go príomha trí idirdhealú a dhéanamh idir an dá fhoirm, mar atá monaihiodráit agus ainhidriúil. I gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, beidh éifeachtaí dlíthiúla leis na rúin sin.

(12) Le Dréachtrún OENO-SCMA 24-754, moltar modheolaíocht chun an cóimheas iseatópach strointiam (87Sr/86Sr) i bhfíonta a chinneadh a chur leis an gCoimre ar Mhodhanna Idirnáisiúnta Anailíse ar Fhíon agus ar Úrfhíon. I gcomhréir le hAirteagal 80(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, beidh éifeachtaí dlíthiúla leis an rún sin.

(13) Le Dréachtrún SECSAN-SECUAL 23-722, tugtar cothrom le dáta aicmiú na dtainníní fíoneolaíocha trí na cásanna inar féidir iad a mheas mar bhreiseán nó mar áis phróiseála a shainiú. I gcomhréir le hAirteagal 80(3), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, is rún é sin a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leis.

(14) Rinne saineolaithe eolaíocha agus teicniúla earnáil an fhíona plé fairsing ar na dréachtrúin OIV sin. Cuireann siad le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán fíona agus leagfar amach leo creat lena n-áiritheofar iomaíocht chóir i dtrádáil tháirgí earnáil an fhíona. Dá bhrí sin, ba cheart tacú leo.

(15) Dréachtrún eile a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige ar dhlí an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 80(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 atá le cur isteach lena ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta is ea dréachtrún OENO-TECHNO 14-540A. Liostaítear sa rún sin cleachtais fhíoneolaíocha a cheadaítear chun fíon dí-alcólaithe a tháirgeadh. Go sonrach le haghaidh na cóireála ‘6.34 Gliocról a chur leis’, moltar sa dréachtrún nár cheart tiúchan iomlán an ghliocróil san fhíon dí-alcólaithe a bheith níos mó ná 50 g/L. D’fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) tuairim eolaíoch[3] le déanaí maidir le sábháilteacht an ghéarnochta ar an mbreiseán bia gliocról (E 422) ó dheochanna, lena n-áirítear fíonta dí-alcólaithe. Is é conclúid na tuairime go sáródh tiúchan 50 g/L i bhfíonta dí-alcólaithe an ghéardháileog thagartha sna grúpaí uile sa daonra. Déantar foráil sa tuairim freisin maidir leis na huastiúchaintí teoiriciúla gliocróil iomláin (E 422) i bhfíon dí-alcólaithe ar tiúchaintí iad nach sáraíonn nochtadh orthu an ghéardháileog thagartha, le haghaidh grúpaí éagsúla sa daonra agus méideanna gaolmhara i dteagmhas tomhaltais aonair. I bhfianaise na dtorthaí sin, sula socrófar aon leibhéal gliocróil sa rún, tá gá le measúnú cuimsitheach breise ar bhonn sonraí turgnamhacha, lena n-áirítear sainaithint an mhodha anailíse, an gaol le láithreacht tosaigh gliocróil sa táirge, tionchar an phróisis dí-alcólúcháin ar a thiúchan, an t-íosleibhéal gliocróil eisiginiúil i ndáil lena fheidhm theicneolaíoch agus an sainmhíniú ar straitéis chuí bainistithe riosca. Dá bhrí sin, níor cheart tacú leis an rún sin ach amháin má bhaintear an chóireáil shonrach ‘6.34 Gliocról a chur leis’ den rún, ionas go mbeifear in ann an measúnú eolaíoch cuimsitheach thuasluaite a dhéanamh.

(16) Chun go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann le linn na caibidlíochta roimh Thionól Ginearálta OIV an 16 Deireadh Fómhair 2026, ba cheart údarú a thabhairt do na Ballstáit ar comhaltaí de OIV iad athruithe ar na dréachtrúin OIV sin a aontú ar choinníoll nach n-athraítear a substaint leis na hathruithe sin,

---

[3] Sábháilteacht an ghéarnochta ar an mbreiseán bia gliocról (E 422) ó dheochanna. https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/10.2903/j.efsa.2026.10057

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i dTionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 16 Deireadh Fómhair 2026.

*Airteagal 2*

Déanfaidh na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí de OIV, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl.

*Airteagal 3*

1. I gcás inar dóigh go ndéanfar difear, le faisnéis eolaíoch nua nó faisnéis theicniúil nua arna cur i láthair roimh chruinnithe OIV, nó lena linn, don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, iarrfaidh na Ballstáit ar Comhaltaí de OIV iad go gcuirfear an vótáil i dTionól Ginearálta OIV ar athlá go dtí go leagfar síos seasamh an Aontais ar bhonn na faisnéise nua sin.

2. Tar éis comhordúcháin agus in éagmais cinneadh eile ón gComhairle lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, féadfaidh na Ballstáit ar Comhaltaí de OIV iad, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, athruithe teicniúla a aontú ar na dréachtrúin ó OIV dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo nach n-athraítear substaint na ndréachtrún leo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*